An Chomhairle Oidhreachta

REPS 4 Scéim Deontas na bhFoirgneamh Feirme Traidisiúnta

An Chomhairle Oidhreachta
The Heritage Council

TAIRBHE FOIRGNIMH TUAITHE

Cuireann foirgnimh feirme traidisiúnta go mór le tírdhreach na hÉireann. Bhí go leor de na foirgnimh is sine leagtha amach agus leas bainte as ábhair a úsáideadh riamh anall go háitiúil, tógadh na foirgnimh bunaithe ar phatrúin agus ar leagan amach a bhain an méid úsáide agus is féidir as na hacmhainní a bhí ar fáil. D'éirigh leo teacht slán agus coimeádadh iad le hábhair shimplí agus rinneadh iad a dheisiú go hintliúil agus léiríonn sin go léir cultúr de chúram agus mórtas seiftiúil.

Tá brú mór millteach ann foirgnimh feirme traidisiúnta a athrú. Thosaigh an brú sin nuair a rinneadh próisis feirme a mheicniú san 19ú haois, cuireadh leis an mbrú le diansaothrú agus athstruchtúrú na feirmeoireachta agus chuir tuilleadh athruithe ar phatrúin traidisiúnta a bhain le bainistiú feirme, comhcheangal gabháltais talún, caighdeáin leasa ainmnithe níos airde, patrúin athraitheacha tionachta leis an mbrú agus tháinig laghdú ar bhrabús na bhfeirmeacha ag an am céanna. Is é an toradh a bhí leis na nithe sin go léir nach raibh an oiread úsáide á bhaint as na struchtúir stairiúla agus thit siad agus tógadh líon mór foirgneamh nua in áit go leor eile, agus is minic nár chloígh na cinn nua a tógadh ina n-áit le leas ailtireachta agus stairiúla na bhfoirgneamh agus an tírdhreach ina raibh siad suite.

FOIRGNIMH SA TÍRDHREACH

Is minic foirgnimh feirme a bheith suite in aice le bóithre poiblí, nó i bpáirc nó dhó in aice le bóithre poiblí agus crainn fhásta timpeall orthu. Ar thalamh ard, tugann foirgnimh feirme traidisiúnta scála agus sainiúlacht áitiúil do cheantar ardscéimhe agus is féidir iad a fheiceáil i bhfad ón áit ina mbíonn siad suite.

CAD IAD NA FOIRGNIMH ATÁ I GCEIST AGAINN?

Is ionann foirgneamh feirme traidisiúnta agus foirgneamh nó cuid d'fhoirgneamh a tógadh roimh 1960 ar mhaithe le cúrsaí talmhaíochta agus a tógadh agus leas á bhaint as modhanna traidisiúnta agus ábhair mar adhmad, brící, clocha, tíleanna, slinnte agus tuí. Tá tithe na gcearc agus cróite na muc ó na 1950idí ina seasamh go fóill agus léiríonn siad an fonn a bhí ann ag an tráth sin a bheith féinchothaíoch ó thaobh táirgeadh bia. Feictear na sciobóil féir d'iarann rocach, a tógadh le linn an fichiú haois, mar chuid den oidhreacht sin anois, ach níl na foirgnimh sin sách gann go fóill chun a bheith incháilithe don scéim deontas seo.

Tosaíodh ag tógáil foirgnimh feirme ar scála mór i bhfoirm cróite ceann slinne chun eallaí a choimeád istigh sa gheimhreadh, bleánlanna, claiseanna sadhlais go déanach san fhichiú haois agus go háirithe nuair a chuaigh Éire isteach san EEC ach ní bhaineann aon suntas oidhreachta leis na foirgnimh sin go fóill.

CÉN FIÚNTAS A BHAINEANN LEO?

Cé nach mbaintear an oiread sin úsáide as seanfhoirgnimh feirme mar thoradh ar athruithe i gcúrsaí feirmeoireachta is minic fiúntas a bheith ag baint leo sa tírdhreach agus cuireann siad go mór leis an gcarachtar áitiúil. Ar aon dul leis na tírdhreacha ina bhfuil siad suite, soláthraíonn foirgnimh feirme traidisiúnta raon leathan sochair don sochaí nua-aimseartha:

1. Tugann siad teachtaireachtaí ón am atá caite – don ghlúin seo agus do na glúinte atá amach romhainn – léiríonn siad mar a mhair ár sinsir, mar a chuaigh siad i mbun cúrsaí feirmeoireachta agus mar a thóg siad foirgnimh
2. Is nithe riachtanacha iad, cé nach bhfeictear a leas i gcónaí, a chuireann le sainiúlacht áitiúil faoin tuath agus leis an mórtas áite a mhothaíonn pobail faoin tuath agus cuairteoirí araon
3. Bíonn na foirgnimh sin lárnach don tuiscint a bhíonn againn ar phatrúin lonnaíochta agus ar theacht chun cinn na tuaithe sa lá atá inniu ann

4. Is sócmhainn eacnamaíoch tábhachtach iad foirgnimh mar sin do ghnóthaí feirme toisc gur féidir iad a athúsáid nuair nach mbíonn siad in úsáid a thuilleadh mar a bhí tráth.

5. Toisc gur féidir iad a athúsáid, baineann sin an brú ón ngá a bhíonn ann tógáil ar thalamh neamhfhorbartha agus laghdaítear an t-éileamh ar fhoirgnimh nua toisc go bhféadfadh breis tógáil cur isteach ar charachtar na tuaithe

6. Úsáidtear iad mar thithe stórais do cheardlanna, scileanna agus teicnící áitiúla agus ar an tslí sin bíonn siad ag luí leis an tírdhreach agus ag baint leasa as ábhair thraidisiúnta nach mbeadh ar fáil nó a bheadh ró-dhaor do thionscadail tógála nua. Is ionann iad agus infheistíocht stairiúil in ábhair agus i bhfuinneamh a fhéadfar a choimeád trí chaomhnú agus athúsáid chúramach

7. D'fhéadfadh siad gnáthóga fiadhúlra tábhachtacha a sholáthair nach féidir a chruthú má dhéantar na seanfhoirgnimh a leagan. Bíonn ialtóga agus ulchabháin le fáil sna seanfhoirgnimh ar fheirmeacha go minic

AN SCÉIM DEONTAS

Tá go leor foirgnimh feirme traidisiúnta á gcailleadh toisc iad a bheith á ligean i léig. Má dhéantar foirgnimh feirme traidisiúnta a dheisiú go tráthúil (nó ar a laghad iad a chosaint ón aimsir) ní ligtear dóibh titim agus ní bheidh fadhbanna struchtúrtha tromchúiseacha iontu a mbeadh athchóiriú daor le déanamh orthu amach anseo. Mar sin, i gcomhar leis an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, déanfaidh an Chomhairle Oidhreachta scéim deontas a riaradh do rannpháirtithe REPS 4 chun Foirgnimh Feirme Traidisiúnta a chaomhnú agus a athchóiriú.

Tá deontais ar fáil chun oibreacha caomhnaithe ceadaithe a dhéanamh lasmuigh de na foirgnimh feirme (an díon, an dromchla lasmuigh ar bhallaí, fuinneoga agus doirse) agus ar struchtúir ghaolmhara eile (dromchlaí clóis stairiúla, gnéithe tírdhreacha thart timpeall chlós na feirme e.g. ballaí, piléir gheataí, geataí). Ní bheadh an deontas níos mó ná 75% de chostas na n-oibreacha. Is ionann an íosmhéid a thairgfear agus €5,000 agus an uasmhéid €25,000. Is ionann an tionscadal is lú a fhéadfar a mhaoiniú agus €6,700. Ní fhéadfar iarmhéid an mhaoinithe a fháil ó aon fhoinse Stáit eile. Ní mór go mbeadh carachtar oidhreachta ailtireachta nó dúchasach ag na foirgnimh feirme traidisiúnta, go gcuireann siad leis an suíomh ina bhfuil siad agus nach mbeadh foirgnimh nua-aimseartha ar scála mór thart timpeall orthu. Beidh sé mar chuspóir leis an scéim go ndéanfaí chomh réasúnach agus is féidir an deontas a scaipeadh go cothrom ó thaobh na tíreolaíochta ar fud na hÉireann.

FOIRGNIMH INCHÁILITHE:

- Foirgnimh feirme traidisiúnta a tógadh ar mhaithe le cúrsaí talmhaíochta (chun innealra nó ainmhithe a choinneáil, nó chun barraí agus bia a stóráil nó a phróiseáil) agus a úsáidtear go dtí an lá atá inniu ann ar mhaithe le cúrsaí talmhaíochta. Is cuma cibé an ionann an úsáid a bhaintear as an bhfoirgneamh faoi láthair agus a baineadh as tráth (mar shampla, scioból a tógadh d'ainmhithe ach a bhíonn in úsáid anois chun beatha ainmhithe nó trealamh a stóráil ann). Tá foirgnimh lena bhain na coinníollacha thuas tráth ach nach mbíonn in úsáid faoi láthair nó atá fágtha folamh incháilithe freisin
- Ní mór go mbeadh na foirgnimh i riocht maith go leor, is é sin, ní mór go mbeadh ábhair fós iontu a chuireann lena gcarachtar agus gur féidir iad a dheisiú

- Ní bhreithneofar gnéithe, a bhíodh i bhfoirgneamh tráth agus a tógadh as an áit, a athchóiriú ach amháin má bhíonn fianaise láidir ann (e.g. seanghrianghraif) den leagan amach a bhíodh ar an bhfoirgneamh úd agus go mbíonn an foirgneamh slán ar gach slí eile.

FOIRGNIMH NEAMH-INCHÁILITHE:

- Tithe feirme, tithe cónaithe nó foirgnimh baile
- Foirgnimh atá athchóirithe cheana féin agus nach mbíonn in úsáid ar mhaithe le cúrsaí talmhaíochta, mar shampla, in úsáid mar áit chónaithe nó do ghnó neamhthalmhaíochta
- Foirgnimh feirme traidisiúnta a bhfuil sé i gceist agat a athchóiriú agus nach mbeidh siad in úsáid do chúrsaí talmhaíochta i rith saolré an chomhaontaithe REPS 4
- Foirgnimh feirme traidisiúnta nach mbeidh faoi d'úinéireacht nó faoi do smacht i rith saolré an chomhaontaithe.
- Sciobóil féir d'iarann rocach
- Foirgnimh feirme a tógadh i ndiaidh 1960 mar sciobóil ceann slinne, bleánlanna

OIBREACHA CAOMHNAITHE

Is ionann oibreacha caomhnaithe agus oibreacha a choimeádann carachtar agus iomláine an fhoirgnimh trí fhoirgnimh a dheisiú ar an tslí chéanna agus a tógadh iad le teicnící tógála den sórt céanna. Níor chóir go mbeadh na hoibreacha leagtha amach chun cuma na bhfoirgneamh a 'nua-chóiriú', toisc go gcuireann caitheamh na mblianta, i go leor cásanna, lena gcarachtar. Ba chóir gurb ionann na hoibreacha agus an íosmhéid a bheadh riachtanach chun a chinntiú go mbeadh na foirgnimh slán ón aimsir (ag brath ar fheidhm an fhoirgnimh), agus iad déanta agus leas á bhaint as teicnící agus ábhair thógála traidisiúnta (mar iarann rocach, slinn nádúrtha nó rindreáil aoil agus aol). Caithfear measúnú a dhéanamh ar dtús ar an bhfiúntas cultúir a d'fhéadfadh a bheith ag na foirgnimh (ó thaobh cúrsaí ailtireachta, dúchais, seandálaíochta, staire, sóisialta, eolaíoch, teicniúil, cultúir nó ealaíonta) agus ní mór a bheith cúramach gan cur isteach ar an bhfianaise stairiúil. Má chloítear leis an bprionsabal sin, cuirfear béim ar

athchóiriú sciliúil na ngnéithe – mar shampla, obair adhmaid, nuair a d'fhéadfaí díreach é a athsholáthair. Chun plé iomlán a fháil ar na saincheisteanna a d'fhéadfadh cur isteach ar fhoirgnimh traidisiúnta, is féidir féachaint ar Threoirlínte Oidhreachta Ailtireachta na nÚdarás Áitiúil, arna fhoilsiú ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil agus atá ar fáil ar a láithreán gréasáin. D'fhoilsigh Comhairle Chontae Chill Dara treoirlínte le déanaí freisin ar athchóiriú agus ar athúsáid foirgnimh feirme. D'fhoilsigh Teagasc agus an Chomhairle Oidhreachta *Traditional Buildings on Irish Farms*, freisin, leabhrán ar an oidhreacht thógtha atá le fáil ar 'ghnáth' fheirmeacha.

NA CINEÁLACHA OIBREACHA A SHAMHLAÍTEAR:

- Díon slinne, ceann tuí nó díon d'iarann rocach ar mhionscála a dheisiú agus an struchtúr san áireamh
- Ballaí cloch a ath-phointeáil i moirtéal aoil
- Ballaí cloch a ath-phlástráil le plástráil aoil
- Ballaí cré nó codanna de bhallaí a dheisiú
- Doirse adhmaid nó fuinneoga i sciobóil, i gcróite etc. a dheisiú nó a athchóiriú
- Athchóirithe struchtúrtha chun cosc a chuir ar bhallaí titim

D'fhéadfadh go mbeadh na nithe a leanas san áireamh mar chuid de phacáiste oibreacha ón liosta thuas:

- Ballaí teorainn cloch nó ballaí teorainn le moirtéal aoil timpeall clós feirme a dheisiú
- Geataí d'iarann saoirsithe nó d'iarann teilgthe a dheisiú
- Clós cloch nó duirleogach nó dromchla conaire a dheisiú
- Piléir gheataí a dheisiú

CEADANNA REACHTÚLA

Má bhíonn struchtúir nó foirgnimh chosanta i gceist leis na hoibreacha i gCeantair Chaomhnaithe Ailtireachta, ní mór dul i gcomhairle leis an údarás pleanála sula ndéanfaí iarratas ar dheontas. I gcásanna den sórt sin, ní mór ceadú an údaráis phleanála (trí chead pleanála, 'dearbhú'; nó litir eile admhála maidir leis na hoibreacha) a sheoladh ar aghaidh mar chuid den iarratas.

Sa chás gur tógadh an struchtúr roimh 1700, is dócha go bhfuil sé cosanta faoi Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta 1930-2004. Má tá an clós feirme aitheanta ar Thaifead na Séadchomharthaí agus Áiteanna, ní mór cóip den toiliú iomchuí nó iarratas ar thoiliú ó na Séadchomharthaí Náisiúnta agus Maoine Stairiúla, a sheoladh le d'iarratas.

Cuireann go leor foirgnimh feirme láithreacha goir ar fáil d'ialtóga mar aon le háiteanna goir d'éin, a bhíonn cosanta faoin dlí. Má bhíonn ialtóga nó éin

ghoir i láthair san fhoirgneamh, d'fhéadfaí go mbeadh ort ceadúnas a fháil ón tSeirbhís Náisiúnta Páirceanna agus Fiadhúlra sula bhféadfaí tús a chuir leis an obair.

CONAS IARRATAS A DHÉANAMH

Tá foirmeacha iarratais ar fáil ón gComhairle Oidhreachta, Áras na hOidhreachta, Lána an Teampaill, Cill Chainnigh. Ní mór go mbeadh na nithe a leanas san áireamh leis an iarratas, tuairisc ar na foirgnimh, plean le nótaí den chlós feirme agus, má bhíonn sin ar fáil, plean den fhoirgneamh atá beartaithe don chúnamh deontais agus sraith grianghraf, lena n-áirítear ceann a léiríonn mar a fhéachann an foirgneamh ó áit phoiblí, mar aon le sonraíocht de chostas na n-oibreacha atá beartaithe. Caithfear na hiarratais chomhlánaithe a sheoladh ar ais díreach chuig an gComhairle Oidhreachta agus roghnóidh an Chomhairle na tionscadail is oiriúnaí gach bliain. Eiseofar litir thairisceana fhoirmiúil chuig iarratasóirí a n-éireoidh leo agus beidh orthu an bhileog ghlactha a shíniú agus a sheoladh ar ais sula gcuirfear tús leis an obair.

BEIDH ORT NA NITHE A LEANAS A CHOMHLÍONADH CHUN MAOINIÚ A FHÁIL:

- Oibreacha cothabhála agus deisiúcháin ar bhonn 'cosúil' a dhéanamh agus úsáid a bhaint as ábhair agus as modhanna traidisiúnta chun carachtar an fhoirgnimh sa suíomh áitiúil a chaomhnú. Féadfaidh conraitheoir tógála nó an feirmeoir féin na hoibreacha a dhéanamh ach ní mór do shainchomhairleoir caomhnaithe inniúil an obair a mhaoirsiú
- Leanúint ar aghaidh ag cosaint agus ag cothabháil na bhfoirgneamh feirme traidisiúnta atá sonraithe i riocht síondhíonach, lena n-áirítear daingneáin agus fearais agus gnéithe gaolmhara eile in aice láimhe mar bhlocanna suite nó boinn cruaiche/stuca ar feadh saolré an chomhaontaithe REPS 4 ar a laghad
- Sa chás gur úsáideadh ábhar neamhthraidisiúnta roimhe sin chun an foirgneamh a dheisiú nó a athchumhdú (mar shampla leatháin d'iarann

rocach chun díonta a chlúdach), molfar d'iarratasóirí iad a choimeád agus a chothabháil mar is cuí

- Glac grianghraif reatha de gach ingearchló den fhoirgneamh mar fhianaise de riocht an fhoirgnimh ag tús na scéime. Ba chóir go mbeadh grianghraif san áireamh ansin d'aon ábhair neamhthraidisiúnta a úsáideadh roimhe chun an foirgneamh a dheisiú nó a athchumhdú
- Coimeád taifead ar an obair a dhéanfar agus déan cigireacht beag de shúil agus coimeád taifead ar an gcigireacht sin ar a laghad uair sa bhliain
- Coinnigh an foirgneamh faoi d'úinéireacht nó faoi do smacht i rith saolré an chomhaontaithe REPS
- Cinntigh nach ndéanfar an foirgneamh a aistriú chuig úsáid neamhthalmhaíochta i rith saolré an chomhaontaithe REPS

NA COINNÍOLLACHA ATÁ CEANGAILTE LEIS AN DEONTAS

D'fhéadfadh go mbeadh sé mar choinníoll den chúnamh deontas go ndéanfadh sainchomhairleoir caomhnaithe inniúil scrúdú ar na hoibreacha sula gcuirfí tús leo, go gcuirfí comhairle ar an iarratasóir maidir le sonraíocht na hoibre agus na modhanna oibre agus go ndéanfaí an tionscadal a shíniú ar deireadh nuair a bheadh na hoibreacha tugtha chun críche agus d'fhéadfaí go mbeadh 75% den chostas sin ceadaithe sa leithroinnt deontais. Beidh sé mar choinníoll den chúnamh deontais freisin go gcoimeádfar riocht críochnaithe an fhoirgnimh ar feadh cúig bliana ar a laghad, faoi réir aisghlámtha de mhéid an deontais sa chás go mbeadh an fhoirgneamh coimeádta go dona, forbartha nó díolta.

D'fhéadfadh go mbeadh sé mar choinníoll freisin go ndéanfaí suirbhé ialtóg/éan chun na speicis a úsáideann an foirgneamh a aithint agus conas na hoibreacha a dhéanamh gan cur isteach orthu (mar shampla an tráth a dhéanfaí an obair dheisiúcháin nó

an t-ábhar a úsáidfear a athrú) agus is féidir 75% den chostas sin, a cheadú sa leithroinnt deontais.

Ba chóir tuairisc ar na hoibreacha críochnaithe, lena n-áirítear grianghraif, sonraisc maidir le costais agus na deimhnithe imréitigh cánach a chuir ar aghaidh chuig an gComhairle Oidhreachta lena gceadú. Cuirfear ceadú mar sin in iúl don oifig áitiúil de chuid na Roinne Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia chun an íocaíocht a ghníomhachtú.

LÁITHREÁIN GHRÉASÁIN CHUN TUILLEADH EOLAIS A FHÁIL:

- *Traditional Buildings on Irish Farms*, foilseachán i gcomhar de chuid Teagasc agus an Chomhairle Oidhreachta agus is féidir sin a íoslódáil ag **http://www.heritagecouncil.ie/**. Déantar cur síos ann ar luach na hoidhreachta tógtha atá le fáil ar 'ghnáth' fheirmeacha.

- An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil *Architectural Heritage Guidelines for Planning Authorities* **http://www.environ.ie/en/Publications/Heritage/ArchitecturalHeritage/**. Seo é an treoir a úsáideann an lucht pleanála chun déileáil le struchtúir chosanta. Áirítear ann eolas an-úsáideach ar chaomhnú foirgneamh agus go leor léaráidí.

- Is féidir *Leabhrán na bhfeirmeoirí maidir le REPS 4* agus doiciméid eile maidir le REPS 4 a íoslódáil ón Roinn Talmhaíochta Iascaigh agus Bia **http://www.agriculture.gov.ie/**

- Chun *Reusing Farm Buildings – A Kildare Perspective*, a ordú, féach ar an roinn Oidhreachta de láithreán gréasáin Chomhairle Contae Chill Dara **http://kildare.ie/countycouncil/**

- Is féidir *Bat Mitigation Guidelines for Ireland*, arna fhoilsiú ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil a íoslódáil ag **http://www.npws.ie/en/PublicationsLiterature/IrishWildlifeManuals/2006/**

- Is féidir eolas ar Sheirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta, lena n-áirítear treoirlínte, foilseacháin, foirmeacha iarratais ceadúnais agus an Bunachar Sonraí Láithreáin agus Séadchomharthaí atá inchuardaithe, a fháil ag **http://www.archaeology.ie/**

An Chomhairle Oidhreachta
The Heritage Council

BÍ I DTEAGMHÁIL LINN:

An Chomhairle Oidhreachta,
Áras na hOidhreachta,
Lána an Teampaill,
Cill Chainnigh.
Teil: 056 777 0777
Facs: 056 777 0788
ríomhphost:
tfb@heritagecouncil.ie
www.heritagecouncil.ie

Arna dhearadh agus arna dhéanamh ag catalysis